RÚN (AE) 2022/1792 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Soláthair Euratom don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Soláthair Euratom don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0121/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais, gurbh é EUR 230 000 a bhí i mbuiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht Soláthair Euratom ("an Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 3,14 % i gcomparáid le 2019; de bhrí go dtagann buiséad iomlán na Gníomhaireachta ó bhuiséad an Aontais;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici, go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur 99,54 % a bhí i ráta cur chun feidhme leithreasuithe chomhair faoi chomhair gealltanas, arb ionann é agus laghdú 0,32 % i gcomparáid le 2019, mar thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid le linn na bliana airgeadais 2020; á chur in iúl gur oth léi, áfach, gur 22,33 % a bhí i ráta cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arb ionann é agus laghdú 18,72 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur tharla an laghdú mar thoradh ar cheangaltais le híoc a thabhairt ar aghaidh arb ionann iad agus EUR 177 578,67 nó 78 % de mhéideanna geallta maidir le conarthaí seirbhíse TF sínithe nach raibh curtha i gcrích ag deireadh na bliana;

2. ag tabhairt dá haire gur 7 % a bhí sa ráta cealaithe leithreasuithe buiséid a tugadh ar aghaidh ó 2019 go 2020, lena léirítear gealltanais gan údar sa bhliain roimhe sin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht gan leithreasuithe buiséid a thabhairt ar aghaidh ach nuair atá údar leis sin;

Feidhmíocht

3. ag spreagadh na Gníomhaireachta, maidir le barúlacha leantacha ó bhlianta roimhe, digiteál a seirbhísí a shaothrú;

Beartas foirne

4. ag tabhairt dá haire gur cuireadh an plean bunaíochta chun feidhme 94,12 % an 31 Nollaig 2020, agus gur ceapadh 16 oifigeach de chuid an Choimisiúin as 17 bpost arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (17 bpost údaraithe in 2019);

5. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht cóimheas inscne i measc na foirne uile arb ionann é agus 56 % de mhná agus 44 % d'fhir agus go bhfuil beartas um chomhionannas deiseanna i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht;

Soláthar

6. ag tabhairt dá haire, leis an bhfaireachlann núicléach agus le tionscadal GSE um bhainistiú faisnéise (NOEMI), go dtreiseofar cumas faireacháin na Gníomhaireachta i leith na n-ábhar núicléach agus an mhargaidh breosla agus, ag an am céanna, go ndéanfar sonraí maidir le conarthaí íogaire núicléacha a óstáil go slán; ag tabhairt dá haire go ndearnadh dul chun cinn ar chur chun feidhme NOEMI in 2020-2021, le costas measta arb ionann é agus EUR 355 000; ag tabhairt dá haire gur cuireadh fréamhshamhail fheidhmiúil ar fáil, lena n-áirítear na príomhghnéithe, i mí an Mheithimh 2020; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn chur chun feidhme an tionscadail;

Freagairt COVID-19 agus leanúnachas gnó

7. ag tabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí déanta ag an nGníomhaireacht tionchar na paindéime ar a foireann agus ar a gheallsealbhóirí a laghdú trí gach céim is gá a ghlacadh chun leanúint ar aghaidh lena príomhdhualgais agus gur thug sí isteach athruithe ar a patrún caiteachais trí leasú buiséid chun na speansais ar ghníomhaíochtaí ar imríodh tionchar diúltach orthu de dheasca na paindéime a laghdú; ag tabhairt dá haire gur infheistigh an Ghníomhaireacht in uasghrádú a príomh-fheidhmchláir TF agus go ndearna sí raon feidhme a tascanna leanúnacha a athmheas agus gur choigeartaigh sí an cur chuige agus an amlíne chun tosca a bhí ag athrú a chur san áireamh ina clár oibre nua le haghaidh 2021; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis na forbairtí ina leith seo;

8. ag tabhairt dá haire gurb é barúil na Gníomhaireachta gur cuireadh dlús le himscaradh réiteach slán digiteach mar thoradh ar na bearta dianghlasála domhanda, ar tháinig méadú foriomlán ar eolas agus aibíocht dhigiteach na ngeallsealbhóirí dá thoradh, rud a thacaíonn leis an gcás gnó do NOEMI;

Rialú inmheánach

9. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Ghníomhaireacht a creat rialaithe inmheánach in 2020, atá deartha chun dearbhú réasúnach a thabhairt maidir leis na cuspóirí a leagtar amach ina rialachán airgeadais a bhaint amach, arb é atá iontu éifeachtacht, éifeachtúlacht, barainneacht oibríochtaí, iontaofacht tuairiscithe, acmhainní agus faisnéis a chosaint, calaois agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus obair leantach a dhéanamh ina leith, agus dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart a bhainistiú go leormhaith; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht ceardlann lánscála measúnaithe riosca i mí Eanáir 2020 inar clúdaíodh gach réimse de phróisis oibre, oibríochtúla agus riaracháin na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire freisin gur athbhreithnigh an Ghníomhaireacht na rialuithe a bhí i bhfeidhm agus gur shainaithin sí réimsí ar raibh faireachán ag teastáil ina leith;

Barúlacha eile

10. ag tabhairt dá haire, maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, go ndearnadh dianchaibidlíocht in 2020 maidir leis an gcomhpháirtíocht a bheidh ann amach anseo idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas sa Ghníomhaireacht, lena n-áirítear sa limistéar núicléach sibhialta; ag tabhairt dá haire gur shínigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe Comhaontú Euratom an 24 Nollaig 2020, lena bhforáiltear do chomhoibriú fairsing maidir le húsáidí sábháilte agus síochánta fuinnimh núicléach, le gealltanais ag an dá thaobh mar bhonn taca leis chun oibleagáidí idirnáisiúnta um neamhleathadh a chomhlíonadh, lena gcaomhnaítear ardleibhéal caighdeán maidir le sábháilteacht núicléach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuarascáil a thabhairt i ndáil leis na forbairtí ina leith seo;

11. á iarraidh ar an nGníomhaireacht, maidir le hobair leantach a dhéanamh ar bharúlacha an údaráis um urscaoileadh in urscaoileadh 2019, díriú ar thorthaí a cuid taighde a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne, agus teagmháil a dhéanamh leis an bpobal trí na meáin shóisialta agus trí mheáin eile;

12. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([1]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([1]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.